## Gluais

Tá sé i gceist ag an ngluais seo soiléiriú a dhéanamh ar choincheapa agus ar théarmaí a úsáidtear i Ráiteas Chlár na hIdirbhliana:

**Gnéithe Scoláire –** is ionann iad seo agus cur síos ar na bealaí inar féidir leis an scoláire forbairt a dhéanamh san IB agus na heispéiris a bhféadfadh sé go dtacóidís leis an bhforbairt seo. Tá leagtha amach sna Gnéithe Scoláire na paraiméadair le haghaidh fhorbairt an scoláire agus is iad an chroí-bhunsraith ar a ndéantar cláir IB a dhearadh.

**Táscairí forbartha –** is ráitis iad seo laistigh de na Gnéithe Scoláire atá ceaptha le léiriú a thabhairt ar an gcaoi a ndéanann an scoláire dul chun cinn agus forbairt trína rannpháirtíocht san IB.

**Eispéiris Scoláire** – eascraíonn siad seo as na Táscairí Forbartha agus soláthraíonn siad na deiseanna agus na comhthéacsanna ina bhféadann an scoláire foghlaim agus forbairt a dhéanamh.

**Gnéithe Curaclaim –** treoraíonn siad seo scoileanna i dtaca leis na bealaí is fearr a bhféadtar dearadh agus forchéimniú a gcláir IB a stiúradh. Soláthraíonn siad na paraiméadair deartha chun cabhrú le scoileanna a gclár IB a fhorbairt, a mheas agus a athnuachan.

**Príomhinniúlachtaí –** Is scáth-théarma é Príomhinniúlachtaí lena dtagraítear don eolas, na scileanna na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire le linn na sraithe sinsearaí.

**An effective TY programme:** Chun críocha an doiciméid seo, is clár éifeachtach Idirbhliana é, a bheidh uathúil do gach scoil, clár ina gcabhraíonn gach gné den churaclam leis an scoláire a fhorbairt ar aon dul le Diminsin an Scoláire agus bíonn sé ailínithe le ráiteas chlár na hIdirbhliana nua.

(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, lch. 30)


CC BY NC